

## **Cuntas Leithreasa 2019**

---

### **Vóta 8**

**Oifig an**

**Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste**

---

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 8, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, d'ullmhaigh mé an cuntas atá ag gabháil leis seo ar an méid a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019 i gcomhair thuarastail agus chaiteachais Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe, 2019, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasáí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá barrachas €2.622 milliún faoi dhliteanas lena thabhairt suas don Stáchtiste.

Tá an Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1-6 ina gcuid den chuntas.

## An Ráiteas ar bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a dhéanamh i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú. Anuas air sin, glacadh leis na beartais chuntasaíochta seo a leanas.

### *Ioncam fabhraithe ó tháille iniúcháireachta*

Is éard a léirítear leis an ioncam fabhraithe ó tháillí iniúcháireachta ná iniúchtaí ar tuairiscíodh tuairim ag deireadh na bliana ina leith ach nár seoladh sonrasc lena n-aghaidh go fóill.

### *Obair idir lámha*

Is é atá i gceist le hobair idir lámha ná an luach measta in-aisghabhála a bhaineann le hobair a dhéantar ar iniúchtaí sa chás go bhfuil táille inmhuirir i gceist ach nár tugadh an t-iniúchadh chun críche faoi dheireadh na bliana. Ríomhtar luach na hoibre idir lámha mar chéatadán den táille iniúcháireachta a aontaíodh, bunaithe ar stádas an iniúchta ag deireadh na bliana.

Seo a leanas an céatadán a úsáidtear

- faoifa le haghaidh deimhniúcháin 90%
- céim athbhreithnithe an iniúchta 75%
- obair allamuigh críochnaithe 60%
- iniúchadh deiridh ar siúl 30%
- iniúchadh eatramhach críochnaithe 15%
- iniúchadh eatramhach ar siúl 10%

## An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

### *Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais*

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom mar Oifigeach Cuntasaíochta. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach a dhearbhu go réasúnta seachas go hiomlán go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoiscítear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialuithe inmheánacha a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht. Seo a leanas an timpeallacht rialaithe airgeadais.

**Seirbhísí comhroinnte**

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i ndáil le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus próiseála párolla a sholáthar. Braithim ar litir dhearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Vóta na Seirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí nuair a bhíonn seirbhísí comhroinnte á soláthar don Oifig seo.

**Timpeallacht rialaithe airgeadais**

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na gnéithe a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an chuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socrúithe tuairiscithe ar gach leibhéal sa chás gur sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú.
- Cuireann Coiste Iniúchta comhairle orm agus mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais á gcomhlíonadh agam.
- Rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

**Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta**

Dearbhaím go bhfuil creatlach nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmhligin agus cuntasachta agus, go háirithe

- go bhfuil córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú go leanúnach
- go ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe go rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a thugann feidhmíocht airgeadais le fios i leith na réamhaisnéisí
- go n-oibrítear córas bainistithe riosca laistigh den Oifig, agus
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.

**Soláthar poiblí**

Is ionann an caiteachas ar earraí agus ar sheirbhísí, lena n-áirítear costas foirne ar conradh, agus €2.28 milliún, ar an iomlán, in 2019. Cinntíonn an Oifig go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm d'fhonn a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte iomchuí go léir.

**Iniúcháireacht inmheánach**

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúcháireachta inmheánaí san Oifig a oibrítear i gcomhréir le cairt scríofa a d'fhaomh mé. Cuireann gnóthas príobháideach, a úsáideann pearsanra ar cuireadh oiliúint chuí orthu, feidhm na hiniúcháireachta inmheánaí ar fáil.

Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Oifig nochta dóibh faisnéis ar fáil don obair, agus tá a pleananna bliantúla iniúcháireachta, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrioscaí a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. Déanaimse agus an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúcháireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go leantar le tuarascálacha na feidhme iniúcháireachta inmheánaí.

### ***Creat riosca agus rialaithe***

Chuir an Oifig córas bainistíochta riosca i ngníomh a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí siúd a mhaolú. Déanann Coiste Bainistíochta Riosca (CBR) ina bhfuil an triúr Stiúrthóirí Iniúchóireachta maoirseacht ar an bpróiseas bainistíochta riosca.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina gcuirtear na príomhrioscaí atá roimh an Oifig i dtaifead. Déanann an CBR an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta. Déantar na rioscaí a ghrádú de réir a dtábhachta tar éis rialuithe maolaithe a chur san áireamh agus gníomhartha cóireála rioscaí a fhorbairt lena chinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí ar leibhéal inghlactha. Tuairiscítear torthaí gníomhaíochtaí bainistíochta riosca don Choiste Iniúchóireachta.

### ***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don bhainistíocht, sa chás gurb iomchuí, ar bhealach tráthúil. Dearbhaím gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe siúd agus aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

### ***Riosca suntasach airgeadais***

Gearrtar táillí iniúchóireachta ar iniúchtaí áirithe airgeadais, faoi mar a bhforáiltear dó in Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Is cuid shuntasach d'acmhainní na hOifige iad na táillí agus tá roinnt nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar costais a aisghabháil le haghaidh iniúchtaí ábhartha. Áirítear leis na bearta seo:

- athbhreithniú bliantúil ar an mbonn lena ngearttar táillí, athbhreithniú ar aisghabháil na gcostas ar iniúchtaí aonair le himeacht ama san áireamh
- córais a chuireann costais iniúchóireachta, dul chun cinn na hiniúchóireachta agus faisnéis bhilleála i dtaifead
- monatóireacht a dhéanamh ar fhaisnéis airgeadais lena n-áirítear costais iniúchóireachta agus aisghabháil táillí.

### ***Athbhreithniú ar éifeachtacht rialuithe***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Cuireann an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den Oifig atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais, eolas ar fáil do mmonatóireacht agus d'athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

### **Colette Drinan**

Oifigeach Cuntasaíochta  
Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

19 Márta 2020

## **An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste**

### **Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais**

### **Vóta 8 Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste**

#### ***Tuairim faoin gcuntas leithreasa***

Rinne Mazars, Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Reachtúla, iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 8 Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste thar mo cheann de réir alt 13 den Acht um Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019.

Is í mo thuairimse, bunaithe ar an iniúchadh agus ar an tuairisc a rinne siad

- go gcuirtear i láthair go cuí sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 8 Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### ***An Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile***

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais, in éineacht leis an gcuntas leithreasa, i láthair. Déantar cur síos sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa* ar m'fhreagrachtaí chun tuairisciú a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis sa ráiteas, agus ar nithe áirithe eile ar a dtuairiscim mar eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**  
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

29 Aibreán 2020

## **Tuairim don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste de réir Alt 13 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993**

### **Tuairim ar an iniúchadh ar an gCuntas Leithreasa**

#### **Tuairim**

Mar an t-iniúcháir arna cheapadh faoi Alt 13 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tá Cuntas Leithreasa Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 iniúchta againn.

Is é ár dtuairim go gcuirtear fáltais agus caiteachas an Vóta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 i láthair go cuí i gCuntas Leithreasa an Vóta d'Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus nach bhfuil aon ní ann ar gá duinn tuairisciú ina thaobh, de bhun Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

#### **An Bunús atá lenár dtuairim**

Rinnemear ár iniúchadh ar Chuntas Leithreasa Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir leis an Iniúcháireacht (Éire) (ISAnna Éireann), an dlí is infheidhme, agus Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orainn faoi na Caighdeáin sin sa chuid d'ár dtuairisc dar teideal Freagrachtaí an Iniúcháir as an iniúchadh ar na Cuntais Leithreasa. Táimid neamhspleách ar an eintiteas de réir na gceanglas eiticéil a bhaineann le hiniúchtaí in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eitice arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúcháireachta agus Cuntasáochta na hÉireann (IAASA), agus tá ár gcuid freagrachtaí eiticéil eile comhlíonta againn de réir na gceanglas sin.

Creidimid gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuairamar le bonn a chur faoinár dtuairim.

Fuairamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasaimid a bhí riachtanach chun críche ár iniúchta. Is é ár dtuairim go raibh taifid chuntasáochta chuí ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasáochta.

#### **An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais**

Tá athbhreithniú déanta again ar a bhfuil sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais. Níl aon rud le tuairisciú again ina leith sin.

#### **Freagrachtaí an Oifigh Cuntasáochta**

Faoi Alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866, bíonn an tOifigeach Cuntasáochta freagrach as an gCuntas Leithreasa a ullmhú. Bíonn sé freagrach freisin, inter alia, as cistí poiblí a chosaint agus as rialtacht agus cirte gach idirbhirt sa Chuntas Leithreasa.

#### **Freagrachtaí an Iniúcháir as an Iniúchadh ar an gCuntas Leithreasa**

Is orainn atá an fhreagracht as an gCuntas Leithreasa a iniúchadh de réir ceanglais ábhartha dlí agus rialála, agus na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir leis an Iniúcháireacht (Éire). Is éard is aidhm linn ná dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé acu an bhfuil an Cuntas Leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, agus tuairisc iniúcháir a eisiúint ina leagtar amach ár dtuairim. Ardleibhéal dearbhaithe atá i gceist le dearbhú réasúnach, ach ní rathaítear leis go mbraithfear i gcónaí míráiteas ábhartha, más ann dó, in iniúchadh a dhéanfar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir leis an Iniúcháireacht (Éire). Is féidir le míráitis teacht i gceist de bharr calaoise nó earráide agus meastar gurb ábhartha iad más rud é, astu féin nó le chéile, go bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíoch na n-úsáideoirí arna ndéanamh ar bhonn an Chuntais Leithreasa.

Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus leis an méid a fhoilsítear sa Chuntas Leithreasa, agus scrúdú le féachaint an dtagann na hidirbhearta arna dtaifeadh sa chuntas leis an údarás faoina n-airbheartaítear iad a bheith déanta, agus measúnú ar cibé ar cloíodh le forálacha cuntasáíochta na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí nó nár cloíodh. Tá cur síos eile ar na freagrachtaí atá orainn i leith an iniúchta ar na ráitis airgeadais le fáil ar láithreán gréasáin an IAASA ag [http://www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8f-a98202dc9c3a/Description\\_of\\_auditors\\_responsibilities\\_for\\_audit.pdf](http://www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8f-a98202dc9c3a/Description_of_auditors_responsibilities_for_audit.pdf). Tá an cur síos sin ina chuid dár dtuairisc iniúcháir.

#### **An chúis atá lenár gcuid oibre iniúchta agus an té a bhfuilimid freagrach dó nó di**

Is don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste amháin a dhéantar an tuairisc seo, de réir Alt 13 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Rinneadh ár gcuid oibre iniúcháireachta sa chaoi is gur féidir linn a chur in iúl don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste na cúrsaí sin a cheanglaítear orainn a chur in iúl dó i ndeimhniú ár dtuairime agus ní chun críocha ar bith eile. Lánoiread is a cheadaítear leis an dlí, ní ghlacaimid le freagracht as an obair iniúcháireachta, as an tuairisc seo, ná as na tuairimí atá déanta againn, ná ní ghabhaimid a leithéid de fhreagracht orainn, do dhuine ar bith eile seachas an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste.

#### **Bernard Barron**

Ar son agus thar ceann

#### **Mazars**

Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Reachtúla  
Baile Átha Cliath 2

27 Aibreán 2020

## Vóta 8 Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

### Cuntas Leithreasa 2019

	2019	2018
	Suim a soláthraíodh sa mheastachán €000	Toradh Toradh €000
<b>Caiteachas clár</b>		
A Iniúchóireacht agus tuairisciú	14,638	13,059
<b>Ollchaiteachas</b>	<b>14,638</b>	<b>13,059</b>
<i>Lúide</i>		
<b>B Leithreasá i gcabhair</b>	<b>5,981</b>	<b>6,728</b>
<b>Glanchaiteachas</b>	<b>8,657</b>	<b>6,331</b>

#### Barrachas

Is ionann an barrachas agus an tsuim a sholáthraítear os cionn na glanshuime feidhmithe atá faoi dhliteanas lena thabhairt suas don Státchiste.

	2019	2018
	€	€
<b>Barrachas le tabhairt suas</b>	<b>2,622,325</b>	<b>1,596,252</b>

#### Colette Drinan

Oifigeach Cuntasaíochta  
Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

19 Márta 2020



## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas ar Chostas Oibriúcháin 2019

	2019	2018
	€000	€000
Pá	10,871	10,133
Neamhphá	2,928	2,926
<b>Ollchaiteachas</b>	<b>13,799</b>	<b>13,059</b>
<i>Lúide</i>		
<b>Leithreasáí i gCabhair</b>	<b>7,764</b>	<b>6,728</b>
<b>Glanchaiteachas</b>	<b>6,035</b>	<b>6,331</b>
<b>Athruithe ar shócmhainní caipitil</b>		
Ceannach	(3)	
Dímheas	206	186
<b>Athruithe ar ghlansócmhainní reatha</b>		
Méadú ar fhabhruithe deiridh	560	
Méadú ar stoc	(1)	7
<b>Caiteachas díreach</b>	<b>6,797</b>	<b>6,524</b>
<b>Caiteachas a tabhaíodh in áit eile</b>		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1)	3,255	3,117
Measchíosanna	22	22
<b>Glanchostas cláir</b>	<b>10,074</b>	<b>9,663</b>

#### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Comhghaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí comhghaolmhara na suimeanna a leanas a bhaineann le seirbhísí Vóta 8 a tabhaíodh in áit eile.

	2019	2018
	€000	€000
Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	30	30
Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	1,523	1,564
Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí	1,056	995
Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	17	16
Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	175	—
Cuntas Lár-Chiste an Stáitchiste	454	512
	<b>3,255</b>	<b>3,117</b>

## Nóta 2 An Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2019

	Nóta	2019 €000	2018 €000
<b>Sócmhainní caipitil</b>	2.1	877	1,381
<b>Sócmhainní reatha</b>			
Banc agus airgead tirim	2.2	68	(411)
Stoic		2	1
Caiteachais réamhíoctha		202	122
Táillí iniúchóireachta in-aisghabhála	2.3	1,841	2,509
Iarmhéideanna dochair eile	2.4	145	142
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.6	189	640
<b>Sócmhainní reatha iomlána</b>		<u>2,447</u>	<u>3,003</u>
<b>Lúide dlíteanais reatha</b>			
Caiteachais fhabhráithe		29	57
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.5	402	371
<b>Dlíteanais iomlána reatha</b>		<u>431</u>	<u>428</u>
<b>Glansócmhainní reatha</b>		<u>2,016</u>	<u>2,575</u>
<b>Glansócmhainní</b>		<u><b>2,893</b></u>	<u><b>3,956</b></u>
<b>Arna léiriú ag:</b>			
<b>An cuntas um chistiú stáit</b>	2.7	<u><b>2,893</b></u>	<u><b>3,956</b></u>

**2.1 Sócmhainní caipitil**

	<b>Trealamh oifige</b>	<b>Daingneáin, troscáin agus feistis</b>	<b>lomlán</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>	<b>€000</b>
<b>Ollsócmhainní</b>			
Costas nó luacháil an 1 Eanáir 2019	1,526	1,932	3,458
Breisiúcháin	1	2	3
Coigeartú <sup>a</sup>	(406)	(252)	(658)
Diúscairt	(2)	—	(2)
Costas nó luacháil an 31 Nollaig 2019	1,119	1,682	2,801
<b>Dímheas carntha</b>			
Iarmhéid tosaigh an 1 Eanáir 2019	1,301	776	2,077
Dímheas don bhliain	38	168	206
Dímheas ar coigeartú <sup>a</sup>	(254)	(103)	(357)
Dímheas ar dhiúscairtí	(2)	—	(2)
Dímheas carnach an 31 Nollaig 2019	1,083	841	1,924
<b>Glansócmhainní an 31 Nollaig 2019</b>	<b>36</b>	<b>841</b>	<b>877</b>
Glansócmhainní an 31 Nollaig 2018	225	1,156	1,381

Nóta <sup>a</sup> Baineann an coigeartú seo le hearraí aonair, a bhfuil luachanna faoi €1,000 orthu, a baineadh ón gclár sócmhainní. Tá úsáid á baint go fóill as formhór na n-earraí seo.

**2.2 An Banc agus Airgead Tirim**

an 31 Nollaig	<b>2019</b>	<b>2018</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>
Iarmhéid an Phámháistir Ghinearálta (PMG)	(121)	(532)
Iarmhéid an chuntais bhainc tráchtála	189	121
	<b>68</b>	<b>(411)</b>

**2.3 Táillí iniúchóireachta in-aisghabhála**

an 31 Nollaig	<b>2019</b>	<b>2018</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>
Féichiúnaithe táille iniúchóireachta	611	229
Ioncam fabhráithe ó tháille iniúchóireachta	694	1,891
Obair idir lámha	536	389
	<b>1,841</b>	<b>2,509</b>

**2.4 Iarmhéideanna dochair eile**

an 31 Nollaig	2019	2018
	€000	€000
Caiteachas taistil infhorchúitithe agus an scéim pas taistil	125	127
Caiteachas infhorchúitithe ó chomhthionóntaí	20	10
Fionraí tuarastail	—	5
	<b>145</b>	<b>142</b>

**2.5 Iarmhéideanna creidmheasa eile**

an 31 Nollaig	2019	2018
	€000	€000
<b>Suimeanna dlite don Stát</b>		
Cáin ioncaim	136	116
Árachas sóisialach pá-choibhneasta	101	86
Muirear sóisialta uilíoch	28	25
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	21	74
Cáin bhreisluacha	51	64
Cáin mhaoine áitiúil	1	1
	<b>338</b>	<b>366</b>
Asbhaintí párolla a choimeádtar ar fionraí	64	5
	<b>402</b>	<b>371</b>

**2.6 Glanmhaoiniú ón Stáitchiste**

an 31 Nollaig	2019	2018
	€000	€000
Barrachas le tabhairt suas	2,622	1,596
Deontas an Stáitchiste nár tarraingíodh	(2,811)	(2,236)
Glanmhaoiniú ón Stáitchiste	<b>(189)</b>	<b>(640)</b>
<b>Arna léiriú ag:</b>		
<b>Féichiúnaithe</b>		
Banc agus airgead tirim	68	—
Iarmhéideanna dochair: fionraí	145	142
	<b>213</b>	<b>142</b>
<b>Creidiúnaithe</b>		
Banc agus airgead tirim	—	(411)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(402)	(371)
	<b>(402)</b>	<b>(782)</b>
	<b>(189)</b>	<b>(640)</b>

**2.7 An Cuntas um Chistiú Stáit**

	Nóta	2019	2018
		€000	€000
Iarmhéid an 1 Eanáir		3,956	4,149
Eisíocaíochtaí ón Vóta			
Suim a soláthraíodh sa mheastachán	Cuntas	8,657	
Barrachas le tabhairt suas	Cuntas	(2,622)	
Glanvóta		6,035	6,331
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1	3,255	3,117
Míreanna neamhairgid – coigeartú sócmhainní caipitil	2.1	(301)	—
Caiteachas neamhairgid – measchíos	1	22	22
Glanchostas cláir	1	(10,074)	(9,663)
<b>Iarmhéid an 31 Nollaig</b>		<b>2,893</b>	<b>3,956</b>

**2.8 Ceangaltais**

an 31 Nollaig	2019	2018
	€000	€000
<b>Earraí agus seirbhísí a sholáthar</b>	<b>20</b>	<b>92</b>

### Nóta 3 Caiteachas Vóta

Rangaítear an leithdháileadh go léir do Vóta 8 Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste mar chaiteachas riaracháin a caitheadh i dtreo clár aonair: iniúcháireacht agus tuairisciú.

#### Anailís ar chaiteachas riaracháin

		2019		2018
		Suim a soláthraíodh sa mheastachán	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	11,527	10,871	10,133
ii	Taisteal agus cothabháil	546	611	626
iii	Oiliúint agus forbairt agus caiteachais theagmhasacha	340	491	453
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	100	50	58
v	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF	693	438	529
vi	Caiteachais áitribh oifige	217	178	159
vii	Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus luach ar airgead agus athbheithnithe beartais	50	30	7
viii	Táillí dlí	45	42	135
ix	Seirbhísí iniúcháireachta ar conradh	1,120	1,088	959
		<b>14,638</b>	<b>13,799</b>	<b>13,059</b>

Nóta Áirítear leis an toradh costais €2,181 (2018: €2,687), ar an iomlán, de chuid an choiste iniúcháireachta.

#### Athruithe suntasacha

Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir leis an gclár seo €839,000 milliún ní b'isle ná mar a soláthraíodh. Mínítear athruithe suntasacha (+/- 25% agus €100,000) i gcoibhneas le soláthar) thíos.

##### i Tuarastail, pá agus liúntais

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €11.527 milliún, toradh: €10.871 milliún*

Tháinig tearc-chaitheamh an €656,000 de thoradh easnaimh sa líon foirne a d'fhóin. Ba é an meánlíon foirne i rith na bliana 174, i gcomparáid le líon foirne 178.

##### iii Oiliúint agus forbairt agus caiteachais theagmhasacha

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €340,000, toradh: €491,000*

Tá róchaitheamh an €151,000 go príomha mar gheall ar chostais fuar-athbheithnithe a rinneadh i rith na bliana agus ar chostais foghlama agus forbartha ní b'airde ná mar a raibh coinne leo.

**iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €100,000, toradh: €50,000*

Tá tearc-chaitheamh an €50,000 go príomha mar gheall ar chostas ní b'ísle ná mar a raibh coinne leis a bheith ar an úsáid a baineadh as an nguthán.

**v Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €693,000, toradh: €438,000*

Áirítear leis an meastachán soláthar €180,000 do tháillí seirbhísí comhroinnte TF nár tháinig chun cinn i rith na bliana. Tháinig coigilteas eile chun cinn mar thoradh ar chostais ní b'ísle ná mar a raibh coinne leis a bheith ar sheirbhísí TF seachtracha.

**vii Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus luach ar airgead agus athbhreithnithe ar bheartais ar**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €50,000, toradh: €30,000*

Áirítear leis an meastachán soláthar don Oifig chun cúnamh seachtrach a fhostú le haghaidh scrúduithe ar luach ar airgead, más gá. Is deacair a thuar cén cúnamh a d'fhéadfadh bheith ag teastáil in aon bhliain ar leith.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí i gcabhair

		2019		2018
		Measta €000	Réadaithe €000	Réadaithe €000
1	Táillí iniúcháireachta, srl.	5,400	7,390	6,301
2	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise pinsin ó luach saothair seirbhíse poiblí <sup>a</sup>	581	374	427
		<b>5,981</b>	<b>7,764</b>	<b>6,728</b>

Nóta <sup>a</sup> Tagraíonn figiúr 2018 d'asbhaintí a bhaineann le pinsean. Tháinig ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ina n-ionad seo ón 1 Eanáir 2019.

#### Athruithe suntasacha

Ar an iomlán, bhí ioncam ó leithreasaí i gcabhair €1.783 milliún os cionn an leibhéil a ndearnadh buiséadú dó. Is é an t-athrú glantoradh an mhéid seo a leanas

#### 1 Táillí iniúcháireachta, etc.

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €5.4 milliún, toradh: €7.39 milliún*

Is éard ba chúis le fáltais bhreise na dtáillí iniúcháireachta €1.99 milliún ná gur críochnaíodh iniúchtaí agus gur aisghabhadh táillí iniúcháireachta ó bhlianta roimhe seo ní ba luaithe ná mar a raibh coinne leis.

#### 2 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise pinsin ó luach saothair seirbhíse poiblí

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €581,000, toradh: €374,000*

Bhí na fáltais ó ranníocaíochtaí breise pinsin €207,000 ní b'isle ná mar a raibh coinne leis mar gheall ar rómheastachán. Tharla an rómheastachán seo freisin chomh maith i gcás mheastachán 2020 ach ceartófar é i rith phróiseas meastacháin 2021.



## Nóta 5 Soláthair Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líonta na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2019	2018
Líon na foirne ag deireadh na bliana	185	167

### 5.2 Pá

	2019	2018
	€000	€000
Pá	9,966	9,307
Liúntas ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	19	21
Ragobair	2	3
ÁSPC Fostóra	884	802
<b>Pá iomlán</b>	<b>10,871</b>	<b>10,133</b>

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon faighteoirí	Faighteoirí €10,000 nó níos mó	Íocaíocht uasta aonair	
			2019	2018
			€	€
Ard-dualgais, dualgais speisialta nó bhreise	3	1	10,703	10,951
Ragobair	1	—	2,431	2,904

Níor íocadh íocaíochtaí breise le haon bhall foirne i mbreis agus catagóir amháin.

### 5.4 Socruithe eile luach saothair

Athfhostaíodh státseirbhíseach amháin a bhí ar scor agus ag a raibh pinsean státseirbhíse á fháil ar bhonn táille ar chostas iomlán €29,050. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh de réir phrionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

## 5.5 Luach Saothair na bainistíochta sinsearaí

### An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Íoctar tuarastal an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste go díreach as Lár-Chiste an Státchiste, faoi mar a bhforáiltear dó in Alt 14 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ba é €193,066 (2018: €185,992) an muirear a gearradh ar an Lár-Chiste in 2019 i ndáil le luach saothair an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Faoi mar a bhforáiltear dó in Airteagal 33 den Bhunreacht, ní féidir leis an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste aon oifig nó aon phost luach saothair eile a shealbhú.

### Oifigeach Cuntasaíochta

Ba é €156,429 (2018: €144,032) an muirear a gearradh ar an Vóta in 2019 i ndáil le luach saothair an Oifig Chuntasaíochta.

## 5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

	Líon faighteoírí	2019 €	2018 €
Ró-íocaíochtaí	10	15,381	13,564
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	2	1,405	1,953

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Costais chúitimh agus dlí

	Líon na gcásanna	Costais dlí a d'íoc an Oifig €000	Cúiteamh a bronnadh €000	Costais dlí a bronnadh €000	Iomlán	
					2019 €000	2018 €000
	—	—	—	—	—	10

Nóta Ní dhearnadh aon chúiteamh nó aon chostais dlí a dhámhachtain inaghaidh na hOifige in 2019.